



Cuimleoir láimhe á úsáid le hathfhás Coil a choinneáil faoi smacht  
Hand held wipe used for controlling the regrowth of Hazel

### 3. Cóireáil Stumpaí

#### Feileann:

Coll agus Draighean le stumpaí níos mó

#### An mbeidh Cead uaim?

Ba cheart dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúla sula n-úsáidtear luibhicíd i Limistéir Speisialta Caomhantais. I gcás Limistéir Speisialta Caomhantais ní mór an cead cui a bheith faighte sula gcuirtear luibhicíd amach mar gur Gníomhaíocht óna dTeastaíonn Toiliú é luibhicíd a úsáid.

#### Cén t-am atá ceart lena dhéanamh?

Le linn an ama a mbeifí á ngearradh ón 1 Meán Fómhair go 28/29 Feabhra. Oibreoidh sé níos fearr ó Dheireadh Fómhair go Iár Feabhra nuair a bhíonn an sú ag imeacht síos nó nuair a bhíonn na toim ina suan ach braithfidh sé seo ar na séasúir. Má bhíonn an tEarrach luath agus an sú ag éirí ná bac le cóireáil stumpa mar go n-oibreoidh cuimilt luibhicíde níos fearr ar an athfhás níos deireanaí sa mbliain.

#### Ar cheart na stumpaí a bheith ar mhéid ar leith?

Ná déan cóireáil stumpa mura bhfuil trastomhas 2.5cm (1 orlach) ar a laghad ag a bhformhór. Is ea is mó a bhíonn an trastomhas is ea is fearr a oibreoidh an luibhicíd. Bíonn sé deacair agus tógann sé go leor ama stumpaí caola a chóireáil mar nach súnn siad dóthain luibhicíde leis na rútaí a mharú, bíonn seans maith ann ansin go dtosóidh siad ag fás arís.

#### Cé chomh luath i ndiaidh dom na stumpaí a ghearradh a gcuirfidh mé luibhicíd orthu?

Ba cheart é a chur orthu láithreach i ndiaidh dóibh a bheith gearrtha mar go súnn dromchlaí úrghearrtha an luibhicíd mórán láithreach agus bíonn slán ón mbáisteach taobh istigh de 10 nóiméad. Ní oibreoidh sé chomh maith céanna má bhíonn moill uair an chloig amháin féin ann. Má déantar é ag an am a ngeartar iad tá seans maith ann nach bhágfar aon cheann amach.

#### Céard má bhíonn báisteach ann?

Ná déan cóireáil stumpa má bhíonn báisteach ann.

#### Cén luibhicíd ar cheart dom a úsáid?

Úsáid luibhicíd Gliofosáit-bhunaithe nó, seachas sin, an luibhicíd atá leagtha síos sa gcead ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúla i leith Gníomh Infhógartha nó Gníomhaíocht óna dTeastaíonn Toiliú. Moltar táirgí gliofosáite níos nuai le foirmliú atá níos sábháilte agus níos fearr a úsáid, m.sh. *Roundup Biactive* nó *Pro-Biactive*, *Barclay Gallup Biograde 360*. Ná húsáid cinn ina bhfuil aimíní geire atocsaláite mar ghniomhaí dromchlach mar go bhfuil siad seo níos nimhiúla.

#### Cén caolúchán ar cheart dom a úsáid?

Úsáid uisce glan leis an luibhicíd a thanúchán faoi mar a deirtear sa lipéad treorach do chóireáil stumpaí.

#### Cén chaoi a gcuirfidh mé amach é?

Cuir amach an luibhicíd le scuab phéinteála nó spraeire láimhe. Ba cheart an dromchla gearrtha uilig a bheith fliuch go maith ach GAN an luibhicíd a bheith ag síleadh de. Bí cinnte go dtugann tú déanamh maith don fhíochán beo a bhíonn ina fháinne idir an choirt agus an t-adhmad inmheánach.

**Spraeire Láimhe:** Socraigh an soc ar sprae scairde nó sprae láidir. NÁ CUIR ar sprae lag é. Pumpáil tríd go réidh é ar bhrú íseal, má bhíonn an brú ró-ard beidh an luibhicíd ag éirí aníos glan de na stumpaí. Coinnigh an soc spraeála gar don stumpa.

**Scuab Phéinteála:** Úsáid scuab den leithead céanna leis na stumpaí a bhfuil tú ag obair orthu. Coinnigh an coimeádán luibhicíde gar do na stumpaí le nach mbeidh an luibhicíd ag síleadh anuas ar an bhfásra atá timpeall ann.

Mura gcloíonn tú leis na treoracha seo ní oibreoidh an chóireáil stumpaí duit, beidh sé níos costasaí agus d'fhéadfá dochar a dhéanamh don fhásra thart ann.

#### Ag Marcáil na stumpaí cóireáilte:

Má chuireann tú dath tríd an luibhicíd beidh a fhios agat cé na stumpaí atá cóireáilte agus ní fhágfar amach aon cheann. Is féidir dathanna ar nós táscaire pátrún spraeála 'Marksman' a ordú trí do sholáthraí áitiúil talmhaíochta.

**Fainic:** Léigh agus lean go cúramach na réamhchúraimí agus na moltaí sábháilteachta uilig a thugtar ar lipéad an choimeádáin. Caith éadaí cosanta cui i gcónaí. Coinnigh na ceimiceáin uilig sna coimeádáin lipéadaithe ina dtáinig siad iontu, istigh i bpreas nó seid a bhíonn faoi ghlas, amach ó bhia agus ó ábhair beathúcháin agus ná bidís i ngaobhar páistí, daoine neamhúdraithe, peataí ná beostoc.

D'fhéadfadh luibhicíd a úsáideann tú ar d'fheirm dul isteach i screamhuisce agus san uisce dromchla agus é a thruailliú nó síobadh leis agus fásra do chomharsan a mharú. Coinnigh an luibhicíd dírithe ar an bplanda áirithe atáthar ag déileáil leis agus seachain cáitheadh sprae.

Ná cuir coimeádáin luibhicídí sa ngnáthbhruscar agus ná cuir luibhicídí a bhíonn fágtha agat síos i ndraein an doirtail taobh amuigh. Úsáid an luibhicíd de réir an lipéid go dtí go mbíonn sé caithe nó tabhair luibhicídí nach dteastaíonn chuig áit do Bhailiúchán Dramhaíl Ghuaiseach. Faigh réidh le coimeádáin folamh de réir na dtreoracha ar an lipéad. Tabhair coimeádáin/luibhicídí a mbíonn tú réidh leo do chonraitheoir ceadúnaíthe um dhíuscáirt dramhail ghuaiseach nó tabhair chuig suíomh bailiúcháin iad le fáil réidh leo seachas coimeádáin folamh a bhíonn rinseáilte trí bhabhta mar gur féidir fáil réidh leo seo sa dramhail neamhghuaiseach. Go deo ná bain athúsáid agus ná dóigh na coimeádáin agus ná faigh réidh leo ar bhealach a d'fhéadfadh soláthair uisce nó uiscebhealaí nádúrtha a thruailliú.

Cloigh i gcónaí leis na prionsabail um Dhea-Chleachtas Cosaint

Plandaí mar atá leagtha síos ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá breis eolais le fáil ag:

Always comply with the principles of Good Plant Protection Practice as prescribed by the Minister for Agriculture, Food and the Marine. Further information can be found at:

<http://www.pcs.agriculture.gov.ie/sud/professionalluserssprayeroperators/>

#### What dilution should I use?

Dilute the herbicide with clean water as per the label instruction for stump treatment.

#### How do I apply it?

Apply the herbicide using a paintbrush or hand-held sprayer. The whole of the cut surface should be well-soaked but NOT to the extent that the herbicide runs off. Pay particular attention to the living tissue layer, which forms a ring between the bark and the inner wood.

**Hand-held Sprayer:** Set the nozzle to jet or coarse spray. DO NOT set it to a fine spray. Pump the applicator to a low pressure, if it is too high the herbicide will splash off the stumps. Keep the spray nozzle close to the stump.

**Paintbrush:** Use a brush that is a similar width to the stumps you are treating. Avoid dripping herbicide on to the surrounding vegetation by keeping the herbicide container close to the stumps.

If you do not follow these instructions, your stump treatment will be inefficient, more expensive and you risk damaging the surrounding vegetation.

#### Marking the treated stumps:

Adding a dye to the herbicide will show which stumps have been treated and ensure that none are missed. Dyes such as 'Marksman' spray pattern indicator can be ordered through your local agricultural supplier.

**Warning note:** Always read and carefully follow all precautions and safety recommendations given on the container label. Always wear appropriate protective clothing. Store all chemicals in the original labelled containers in a locked cabinet or shed, away from food or feeds, and out of the reach of children, unauthorized persons, pets, and livestock.

Herbicides applied in your farm can disperse into and contaminate groundwater, surface water or drift into and kill your neighbour's vegetation. Confine herbicide to the plant being treated and prevent spray drift.

Do not place containers holding pesticide in the general waste or pour unused pesticides down the sink or outside drains. Either use the pesticide according to the label until the container is empty, or take unwanted pesticides to a Hazardous Waste Collection site. Dispose of empty containers by following label directions. Dispose of contents/container to a licensed hazardous waste disposal contractor or collection site except for triple rinsed empty containers which can be disposed of as non-hazardous waste. Never reuse or burn the containers or dispose of them in such a manner that they may contaminate water supplies or natural waterways.



## Bileog Eolais AranLIFE: ÚSÁID LUIBHICÍDÍ

### AranLIFE Information Sheet: HERBICIDE USE

CURTHA LE CHÉILE LE CÚNAMH IONSTRAIM AIRGEADAIS LIFE AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH  
PRODUCED WITH THE CONTRIBUTION OF THE LIFE FINANCIAL INSTRUMENT OF THE EUROPEAN COMMUNITY



Tá luibhicídí úsáideach, ach iad a úsáid i gceart, le smacht a choinneáil ar na speicis nach dteastaíonn ar d'fheirm. Bíonn baol i gcónaí áfach ag baint le cur amach luibhicídí. Leis an mbaol a laghdú tá Treoir an Aontais Eorpaigh i leith Úsáid Inbhuanaithe Luibhicídí á fheidhmiú ag An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, treoir a leagan síos íosrialacha le go laghdófar an baol do shláinte an duine agus don timpeallacht a bhaineann le húsáid luibhicídí. Níl cead dileathach tugtha ach do na feirmeoirí agus conraitheoirí siúd atá cláraithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le bheith ag cur amach luibhicídí d'úsáid ghairmithe, mar go bhfuil an olluínt fhoirmiúil faighte acu seo le hiad a úsáid i gceart.

Mura n-úsáidtear luibhicídí i gceart d'fhéadfadh sé, i gcás timpeallacht éiceolaíoch ardiogair ar nós Oileán Árainn, go n-eascródh deacrachtaí ar leith as, d'fhéadfadh gnáthóga a bheith millte, ceimiceáin dul isteach sa screamhuisce agus san uisce dromchla agus, i gcúinsí fíorannamh, b'fhéidir ceisteanna sláinte don duine. Mar sin, ba cheart chuile bhealach smachta eile a úsáid sula dtugtar aghaidh ar luibhicídí, ar nós coinneáil ag gearradh siar, gabhair a chur á ithe i ndiaidh an ghearrtha siar sin nó an salachar speiceas féin, agus a chuid rútaí/an choróin a bhaint. Tá luibhicíd éifeachtach nuair is gá scrobarnach le go leor coll ann a bhainistiú.

With proper care and attention, herbicides can be an effective tool in controlling unwanted species growing on your farm. However, there is always a risk associated with herbicide application. To reduce risks, DAFM (Department of Agriculture, Food and Marine) implement the European Union's Sustainable Use of Pesticides Directive (SUD) which sets minimum rules in order to reduce the risks to human health and the environment that can be associated with herbicide use. Only farmers or contractors registered with DAFM can legally use professional use herbicides as they have received the formal training to ensure proper use.

In a highly sensitive ecological environment like the Aran Islands, improper use of herbicides can lead to specific problems such as destruction of habitat, entering of chemicals into the groundwater or surface water and in rare circumstances possible human health issues. Therefore herbicides should be the last choice of action after other control measures have been considered, such as re-cutting, post-cutting grazing with goats or physical removal of the weed species and its root/crown. Application of herbicide is particularly effective for managing hazel dominated scrub.





Ba cheart go gcuideodh na treoirlínte thíos le haon tionchar diúltach a thagann as luibhicídí a laghdú agus le bail ghinearálta na ngnáthóg a fheabhsú. Tá sé de dhualgas ar fheirmeoirí a úsáideann luibhicídí cinntiú go gcloíonn siad go hiomlán le gach reachtaíocht agus go leanann treoracha an déantóra ina n-íomláine.

## Na Cineálacha Cóirithe

### 1. Spraeáil athfhás le luibhicíd

**Feileann:**
**Driseacha agus Draighean**
Fásann driseacha arís go minic ón gcoróin nó óna riosóim i ndiaidh dóibh a bheith gearrtha siar agus tá sé deacair mar sin iad a choinneáil faoi smacht mura mbítear ach á ngearradh siar agus d’fhéadfadh go gcaithfí rud éigin breise a dhéanamh leo. D’fhéadfadh gurb é an rud breise sin ná leanacht á ngearradh, an choróin a tharraingt, díriú ar an áit a choinneáil ite agus/nó luibhicídí ar leith a úsáid.

#### An dteastaíonn Cead Uaim?

Ba cheart dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula n-úsáidtear luibhicíd i Limistéir Speisialta Caomhantais. I gcás Limistéar Speisialta Caomhantais ní mór an cead cuí a bheith faighte sula gcuirtear luibhicíd amach mar gur Gníomhaíocht óna dTeastaíonn Toiliú é luibhicíd a úsáid.

#### Cén t-am ar cheart dom é a úsáid?

Is é an t-am is fearr le luibhicídí a úsáid ná ag deireadh an Earraigh/sa Samhradh nuair a bhíonn na plandaí ag fás le buile. Laghdaítear baol athfháis sna blianta ina dhiaidh sin má chuirtear amach luibhicídí ag an tráth seo bliana.

#### Cén luibhicíd ar cheart dom a úsáid?

I measc na luibhicídí a úsáidtear le driseacha a choinneáil siar le linn an tséasúir fáis bíonn táirgí ina mbíonn Gliofosáit agus Trichlóipir. Oibríonn Trichlóipir (á dhíol mar Grazon 90 nó New terbel Brushkiller) ar phlandaí adhmadacha ach maraíonn Gliofosáit beagnach chuille phlanda a dteangaíonn sé leo. Moltar táirgí gliofosáite níos nuái le foirmlíú níos sábháilte agus níos fearr a úsáid, m.sh. *Roundup Biactive* nó *Pro-Biactive*, *Barclay Gallup Biograde 360*. Seachain cinn ina bhfuil aiminí geire atocsaláite mar ghníomhaí dromchlach mar go bhfuil siad seo níos nimhiúla.



The following guidelines are intended to help minimise any negative effects from herbicide whilst still improving the overall condition of the habitat. Where herbicides are used, it is the duty of the participant farmer to ensure that they are fully compliant with all legislation and fully follow the manufacturer’s instructions.

## Treatment types

### 1. Spraying regrowth with herbicide

**Best suited for:**
**Briars and Blackthorn**
Briars are able to regenerate from the crown or rhizomes following cutting and so can be difficult to control by cutting alone, and may require follow-up treatment. This can be by continued cutting, and targeted grazing and/or through the use of targeted herbicides.

#### Do I need Permission?

You should contact NPWS (National Parks and Wildlife Service) prior to commencement of any works using herbicide on Special Areas of Conservation (SACs). Applications of herbicide within SAC’s is an Activity Requiring Consent, so appropriate consents must be in place before use.

#### When should I do this?

The most effective time for herbicide use is in the late spring/summer when the plant is actively growing. Herbicide application at this time reduces the likelihood of regrowth in subsequent years.

#### Which herbicide?

Herbicides used to control briars during the growing season include products containing Glyphosate or Triclopyr. Triclopyr (sold as Grazon 90 or New Terbel Brushkiller) is selective to woody plants whilst Glyphosate will kill most plants it comes in contact with. Newer glyphosate products with improved, safer formulations are recommended e.g. Roundup Biactive or Pro-Biactive, Barclay Gallup Biograde 360. Avoid using formulations containing ethoxylated tallow amines as the surfactant, because they are more toxic.

#### Cén caolúchán ar cheart dom a úsáid?

I gcás spraeáil le cnapsac, úsáid uisce glan leis an luibhicíd a thanúchán, de réir mar a threoraíonn an lipéad. Ansin lean treoracha an déantóra ó thaobh an ama chuí le paistí talún atá spraeáilte a innilt.

#### Céard má bhíonn báisteach ann nó má bhíonn sé an-te?

Moltar gan spraeáil má bhíonn báisteach geallta sna chéad 6 uair an chloig atá ag teacht mar go rithfidh an luibhicíd den talamh agus ní oibreoidh i gceart. Ná téirigh ag spraeáil in aimsir the – dófaidh na bileoga agus caillfear iad ach ní dhéanfar aon dochar do na rútaí agus fásfaidh na toim arís.

#### Cén bealach is fearr a n-oibreoidh sé dom?

Sula n-úsáidtear luibhicíd ba cheart scrobarnach driseacha agus draighin a ghearradh agus fáil réidh leis an ábhar gearrtha. Níor cheart iad a ghearradh ach sa tréimhse idir 1 Meán Fómhair agus 28/29 Feabhra (de réir an dlí agus séasúr neadaithe na n-éan). Ba cheart gurb é an spraeáil an rogha deireanach a d’úsáidfí nuair atá athghearradh agus innilt úsáidte ar dtús mar chórais smachta. Is fearr an spraeáil a dhéanamh nuair a bhíonn na driseacha le linn tosaí ag fás arís mar go bhféadfadh sé a bheith níos deacra ina dhiaidh sin díriú isteach ar reathairí in éineacht le go mbeadh riosca níos mó ann do na speicis eile plandaí. Le cáitheadh sprae a laghdú ba cheart cón spraeála le treo-shoc a úsáid. Is féidir iad seo a cheannach nó iad a dhéanamh as coimeádán plaisteach.

Le toradh maith a fháil ní mór an sprae a chur ar chuille pháosa de na duilleoga (an oiread agus a fhliuchas iad), spraeáil an planda le go bhfuil sé ar fad fliuch ach nach bhfuil an sprae ag sileadh de.

#### Cé mhéad babhta ar chóir dom iad a ath-spraeáil?

Ba cheart súil a choinneáil ar an áit a bhíonn spraeáilte le linn an tséasúir fáis. Seans go dteastóidh spraeáil anonn is anall ag amanna difríocht sa séasúr fáis le fonn rudaí a smachtú ceart.

## 2. Luibhicíd a chuimilt orthu – athfhás & toim bheaga

#### Feileann

**Coll agus Draighean**

#### An dteastaíonn Cead Uaim?

Ba cheart dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula n-úsáidtear luibhicíd i Limistéir Speisialta Caomhantais. I gcás Limistéar Speisialta Caomhantais ní mór an cead cuí a bheith faighte sula gcuirtear luibhicíd amach mar gur Gníomhaíocht óna dTeastaíonn Toiliú é luibhicíd a úsáid.

#### Cén t-am ar cheart dom é seo a dhéanamh?

Ba cheart luibhicíd a chuimilt ar na bileoga nuair a bhíonn bonn maith fáis faoin tom, sé sin nuair a bhíonn na bileoga oscailte ar fad agus sula dtosaíonn siad ag lobbhadh (Earrach go Fómhar). Athróidh an t-am beacht ag brath ar thús na séasúr.

#### Cén fhad ar cheart dom athfhás a fhágáil roimh spraeáil?

**Coll:** Meitheamh go deireadh Lúnasa
**Draighean:** Tús na Bealtaine go tús Lúnasa
Mura gcuimlítear an luibhicíd ar an athfhás go dtí go mbíonn sé 50cm ar fad oibríonn sé níos fearr mar go mbíonn na bileoga níos mó le níos mó den luibhicíd a shú isteach leis an rúta a mharú. Beidh difríocht sna tréimhsí a thógfaidh sé seo. Mar threoir ginearálta ba cheart an chuid is mó athfhás a fhágáil ar feadh bliana ar a laghad sula gcuimlítear é le luibhicíd. Ach má bhíonn an t-athfhás sciobtha d’fhéadfaí é a dhéanamh an chéad samhradh i ndiaidh dó a bheith gearrtha.

#### What dilution should I use?

Dilute the herbicide with clean water as per the label instruction for knapsack treatment. Follow the manufactures instructions regarding grazing areas after spraying.

#### What if it is raining or very hot?

You are advised not to spray if rain is forecast in next 6 hours as the herbicide will be washed off and so will be less effective. Do not spray in hot weather - the leaves will scorch and die but roots will not be killed so the bushes will regrow.

#### How do I get the best results?

Before herbicide treatment, briar and blackthorn scrub should be cut and the cut material removed. Cutting should only be carried out during the period 1st September to the 28/29th February (in accordance with the bird nesting season and the law). Spraying should be the last resort of control after re-cutting or grazing. Targeted spraying is best achieved when the briar regrowth is at the vegetation stage and before runners become established. It can be more difficult to selectively spray runners and the risk to other plant species is increased. To reduce spray drift, a spray cone should be used with a direction nozzle. These can be purchased or made from a plastic container.

To obtain good results complete foliage coverage (spray-to-wet) is essential; spray the plant until it is thoroughly wet but not to the point that the herbicide is running-off.

#### How often should I re-treat?

The area sprayed should be observed over the growing season. It is likely that spot spraying will be required at different times of the growing season to ensure a more effective control.

## 2. Wiping with herbicide – regrowth & small bushes

#### Best suited for:

**Hazel and Blackthorn**

#### Do I need Permission?

You should contact NPWS prior to commencement of any works using herbicide on Special Areas of Conservation. Applications of herbicide within SAC’s is an Activity Requiring Consent, so appropriate consents must be in place before use.

#### When can I do this?

Wiping should be carried out when the bush is actively growing i.e. when the leaves are fully open and before they begin to die (Spring to Autumn). Exact timing will vary according to the onset of the seasons.

#### How long should I leave regrowth before treating?

**Hazel:** June to end of August
**Blackthorn:** Early May to early August
A better kill rate will be achieved if the regrowth is allowed to reach 50cm before wiping as more leaf surface means more herbicide is absorbed to kill the roots. The time this takes will vary. As a general guide, most regrowth should be left to grow for a minimum of 1 year before wiping. However, if regrowth is quick it can be treated the first summer after it was cut.



#### Cén luibhicíd?

Úsáid luibhicíd Gliofosáit-bhunaithe nó, má tá difríocht, an luibhicíd atá sonraithe sa gcead atá agat ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra i leith Gníomh Infhógartha nó Gníomhaíocht a Éilíonn Toiliú. Moltar táirgí gliofosáite níos nuái le foirmlíú níos sábháilte agus níos fearr a úsáid, m.sh. *Roundup Biactive* nó *Pro-Biactive*, *Barclay Gallup Biograde 360*. Seachain cinn ina bhfuil aiminí geire atocsaláite mar ghníomhaí dromchlach mar go bhfuil siad seo níos nimhiúla.

#### Cén caolúchán ar chóir dom a úsáid?

Úsáid uisce glan leis an luibhicíd a thanúchán. De ghnáth cuirtear a dhúbailt uisce leis an méid den luibhicíd a úsáidtear (tuaslagán 33%) ach ba cheart seiceáil leis an déantóir i gcónaí.

#### Cén chaoi a gcuirfidh mé amach an luibhicíd?

Úsáid cuimleoir láimhe m.sh. Microwipe. Is féidir iad a ordú trí do sholáthraí áitiúil talmhaíochta.

#### Cén bealach is fearr a n-oibreoidh sé?

Lean na treoracha a bhíonn isteach leis an gcuimleoir. Seiceáil go bhfuil neart luibhicide ag rith tríd leis an bhfáideog rópa a choinneáil fliuch i gcónaí ach nach bhfuil an oiread ann agus go bhfuil sé ag sileadh de. Cuimil fáideog rópa an chuimleora anonn agus anall ar bhileoga an toim le go mbeidh luibhicíd á chur ar an dá thaobh. Déan cinnte go dtéann an luibhicíd ar an oiread den tom/athfhás agus is féidir. Nuair a bhíonn an luibhicíd ar na bileoga ba cheart sé mar sórt snas orthu, níor cheart an oiread a chur orthu agus go mbeadh sé ag sileadh daoibh. Coinnigh an fháideog rópa amach ón bhfásra eile mórthimpeall, ón bhféar agus óna bláthanna, nó marófar iad seo freisin. Nuair atá tú ag dul ó thom go tom nó nuair nach mbíonn an cuimleoir á úsáid agat cuir ceann an chuimleora síos i mbuicéad nó iompaigh bun os cionn é ionas nach mbeidh sé ag sileadh.

#### Cé mhéad babhta ar cheart dom iad a ath-spraeáil?

Braithfidh sé seo ar cé chomh maith agus a bhíonn ag éirí leat. Is minic go mbíonn roinnt tom fágtha amach nó nach mbíonn chuille pháosa cuimilte ar fad. Tógfaidh sé tréimhse 3- 4 bliana uilig. Beidh laghdú mór ar an méid go gcaithfidh tú dul ina gcionn arís i ndiaidh an chéad bhliain.

#### Which herbicide?

Use a glyphosate-based herbicide or, if different, the herbicide stipulated in your permission from the NPWS for a Notifiable Action or Activity Requiring Consent. Newer glyphosate products with improved, safer formulations are recommended e.g. Roundup Biactive or Pro-Biactive, Barclay Gallup Biograde 360. Avoid using formulations containing ethoxylated tallow amines as the surfactant because they are more toxic.

#### What dilution should I use?

Dilute the herbicide with clean water. The dilution is usually 1 part herbicide to 2 parts water (a 33% solution) but you should always check with manufacturer.

#### How do I apply the herbicide?

Use a hand-held wiper e.g. Microwipe. These can be ordered through your local agricultural supplier.

#### How do I get the best results?

Follow the instructions that came with your wiper. Check that the herbicide is flowing sufficiently to keep the rope wick wet at all times but not so fast that there is excess dripping. Sweep the rope-wick on the wiper backwards and forwards across the leaves of the bush in order to get herbicide on both sides. Ensure that the herbicide is applied to as much of the bush/regrowth as possible. Once wiped the herbicide should be visible as a slight sheen on the leaves; it should not be applied so heavily that it begins to run off. Avoid contact between the rope wick and the surrounding vegetation, i.e. grass and flowers, or these will be killed too. Place the head of the wiper in a bucket or turn the wiper upside down to prevent dripping when moving between bushes and when temporarily not in use.

#### How often should I retreat?

How often you have to retreat will depend on your success rate. It is normal to miss some bushes when wiping and for others not to be fully wiped. Your re-treatment programme will need to be carried out over 3 – 4 years. After the first year, the amount that needs retreating will reduce markedly.